Ceisteanna Ginearálta

Cad é an t-aon rud is mó gur féidir linn, idir pháistí, mhúinteoirí agus thuismitheoirí, a dhéanamh chun cosc a chur ar scaipeadh an víris?

Fan sa bhaile má tá aon chomharthaí in aon chor ort, cuma cé chomh bog is atá siad, agus déan teagmháil le do dhochtúir

Cad é an dara rud is tábhachtaí?

Bain úsáid as an teicníc cheart agus tú ag ní na lámha agus coinnigh an scaradh fisiciúil chomh fada agus is féidir

An gá dom aon rud a shíniú le rá go bhfuil mé tar éis na nósanna imeachta nua COVID a léamh agus a thuiscint agus a phlé le mo pháiste agus go nglacaim leo?

Caithfidh agus tá sé ar fáil mar chuid de na foirmeacha Ceada ar Aladdin. Cuir r-phost chuig an oifig má tá aon fhadhb agat í seo a aimsiú.

An gá dom aon fhoirm a líonadh do mo pháiste roimh athoscailt na scoile?

Ní gá ach déan cinnte de le do thoil go bhfuil do pháiste ar fónamh agus go bhfuil tú ag cloí le treoracha an Rialtias faoin taisteal thar lear.

General Questions

What is the single most important thing a staff member or child should do to prevent the spread of the virus?

Stay at home if showing any symptoms no matter how mild and contact a doctor.

What is the second most important thing?

Hand washing using the proper technique and keeping physical distance as much as possible.

Do I need to sign anything to say I have read, understood and discussed the new COVID procedures with my child and that I accept them?

Yes, this is available through the Permissions Form on Aladdin Connect. Contact the office if you have any problem finding it.

Do I need to fill in a return to school form for my child before the school reopens?

Not necessary but please ensure your child is well and that you have adhered to Government directions around foreign travel.

Ceisteanna Coitianta

Frequently Asked Questions

Teacht agus Imeacht

Féach ag an mbun do na nósanna imeachta uime seo

Cad faoi na deartháireacha/deirfiúracha atá scartha le 10 nóiméad ag deireadh an lae?

Beidh cead ag an deartháir/deirfiúr níos sine dul 10 nóiméad luath chun bualadh leis an deartháir/deirfiúr níos óige.

An bhfuil cead agam fanacht sa charrchlós?

Iarrtar ort gan crochadh timpeall san ascaill nó sa charrchlós agus gan slua a chruthú chomh fada agus is féidir. Más gá duit fanacht timpeall, iarrtar ort fanacht sa charr. Má fheictear go bhfuil deacrachtaí le sluaite beidh orainn smaoineamh ar amanna níos scartha**.**

Conas a bheidh a fhios ag mo pháiste cá dtéann siad agus iad ag teacht agus ag imeacht?

Iarrtar ort é seo a phlé le do pháiste roimh an gcéad lá agus beidh an príomhoide agus múinteoirí agus comharthaí sa chlós chun iad a threorú freisin.

Céard atá le tabhairt ar scoil?

An gá do mo pháiste éide úrnite a chaitheamh gach lá?

Ní aithníonn NPHET gur baol é seo go fóill. Ceapaimid gur faoi na tuismitheoirí é an cinneadh seo a dhéanamh faoi ní na n-éidí. Do mhí Mheán Fómhair ar a laghad, tá cead ag na páistí na héadaí spóirt a chaitheamh gach lá más mian leat. Leanfaimid an chomhairle shláinte faoi seo agus féachfar arís air i mí Dheireadh Fómhair más gá.

Coming and Going

See bottom for procedures around this

What about siblings who are separated by 10 minutes at the end of the day?

The older sibling will be allowed to leave 10 minutes early to meet the younger sibling(s).

Can I wait in the carpark?

You are asked not to hang around in the avenue or the car park and not to create congestion as much as possible. If you need to wait around, you are asked to please wait in the car. If it looks like there are problems with congestion, we will have to consider more staggered times.

How will my child know where to go when arriving and leaving?

You are asked to explain this to your child from the newsletter and the Principal and teachers and signs in the yard will also direct them.

What is to be brought to school?

Does my child need to wear a freshly laundered uniform each day?

NPHET has not identified this as a risk. We think it is up to parents to decide on how often they want to wash their child's uniforms. For September at least, children are permitted to wear tracksuit every day if you wish. We will follow health advice and review this policy in October if necessary.

Ceisteanna Coitianta

Frequently Asked Questions

Céard atá le tabhairt ar scoil gach lá?

Sa mhála ba cheart go mbeadh, bosca lóin, go leor le n-ól, cás peann luaidhe lena gcuid stáisiúnóireachta féin agus mála beag le túaille láimhe, díghalrán más mian leat. Beidh díghalrán ar fud na scoile BÍODH LIPÉAD AR GACH UILE RUD. Bí cinnte go n-aithníonn do pháiste a gcuid rudaí féin agus daingnigh an riail sa bhaile leo nach féidir leo aon rud a roinnt. Níor cheart aon rud ar nós bréagán, nó cártaí a thabhairt isteach.

What should the children bring to school each day?

In the bag, there should be, their lunch box, plenty to drink, a pencil case with their own stationery, and a small bag containing a hand towel/small face cloth, sanitiser if you wish. Sanitiser will be available all over the school. LABEL ABSOLUTELY EVERYTHING. Make sure your child can identify their own belongings and please reinforce the no-sharing rule at home. Children should not bring toys or collector cards to school.

An bhfuil gá le bosca nó mála speisialta do chóta mo pháiste?

Níl ga, níor aithin NPHET gur baol iad na cótaí ar crochadh in aice lena chéile.

Does my child need a special box or bag for their coat?

No. Coats hanging close to each other was not identified as a risk by NPHET.

An bhfuil cead ag mo pháiste masc a chaitheamh ar scoil?

https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/face-masks-disposable-gloves.html

Ní mholtar masc a chaitheamh sa chomhairle ón FSS ná sa TREOCHLÁR ón ROS ach dá mb'fhearr leat go gcaithfeadh do pháiste é, níl aon fhadhb ag an scoil leis sin. Caithfidh an páiste bheith in ann an masc a bhainistiú – **ní bheidh cead ag baill na foirne mascanna a láimhseáil ná aon chúnamh a thabhairt leo.**

Can my child wear a mask in school?

https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/face-masks-disposable-gloves.html

*Masks are not recommended in the advice from the HSE or in the DES ROADMAP but if you prefer that your child wear a mask, the school has no problem with that. The child must be able to manage the mask properly themselves – **staff will not be permitted to handle masks or give any assistance.***

Athruithe ar na gnásanna

Beidh an bhéim ar fad ag an tús ar fholláine na bpáistí agus na foirne. 'Siad sonas, sabháilteacht agus slándáil an scoilphobail an chloch is mó ar ár bpaidrín. Beidh dul i dtaithí ar na nósanna imeachta nua ina thosaíocht mhór freisin.

Changes in routines

The emphasis at the start will be on the well-being of the children and the staff. The happiness, safety and security of our school community will be our biggest priority. Getting used to the new procedures will also be a big priority.

Ceisteanna Coitianta

Frequently Asked Questions

An mbeidh na páistí eagraithe i mbolgáin agus i bpodanna?

Beidh gach rang ina mbolgán agus déanfar gach iarracht iad a scaradh lena chéile.

Laistigh de na ranganna, ó Rang a 3 suas, beimid ag iarraidh fad 1m a choimeád idir na páistí. De bharr ganntanas spáis, d'fhéadfaí go mbeidh orainn athbhreithniú a dhéanamh air seo nuair a bheidh na páistí i láthair. De réir na comhairle ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ní gá do pháistí ó Rang a 2 síos scaradh sóisialta a dhéanamh.

Will children be arranged in bubbles and pods?

Each class will be a bubble and every effort will be made to keep them apart. Within each classroom, from 3rd Class up, we will be trying to keep a distance of 1m between children. Due to lack of space, we may have to review this when children are actually present. According to guidance from the Department of Education and Skills, children from 2nd Class down are not required to socially distance.

Cad faoi acmhainní roinnte?

Iarrfar ar pháistí gan a gcuid rudaí féin a roinnt agus cuirfear srian le roinnt na n-acmhainní nuair is féidir. Más gá bréagáin nó acmhainní a roinnt, déanfar iad a ní ina dhiaidh agus iarrfar ar pháistí na lámha a ní freisin.

What about shared resources?

Children will be asked not to share their own items and the sharing of resources will be limited where possible. If toys or resources need to be shared, they will be washed afterwards and children will be asked to wash hands afterwards

Cad iad na nósanna imeachta nua glaine a bheidh i bhfeidhm sna seomraí ranga?

Beidh ar na páistí na lámha a ní go rialta i rith an lae agus beidh na múinteoirí ag daingniú na nósanna seo. Beidh níos mó glantacháin ar siúl go háirithe sna leithris agus ar na dromchlaí sin a ndéantar teagmháil rialta leo.

Fágfar na doirse agus na fuinneoga ar oscailt chun an aeráil a mhéadú.

Má théann páiste abhaile le comharthaí i rith an lae, déanfar glanadh agus díghalrú ar an seomra sin sula dtéann páistí ar ais isteach ann

What are the new hygiene practices which will be implemented in the classrooms?

Children will be required to sanitise and/or wash their hands multiple times a day and teachers will establish these protocols within their class. There will be more cleaning daily especially in the toilets and frequently touched surfaces. Windows and doors will be left open to increase ventilation.

If a child goes home with any symptoms during the school day that classroom will be cleaned and disinfected before children re-enter it.

Scoil Oilibhéir

Ceisteanna Coitianta

Frequently Asked Questions

Conas a dhéanaim teagmháil le múinteoir mo pháiste más gá?
Is féidir r-phost a sheoladh chuig Múinteoir Lára ag leasphriomhoide.scoil.oilibheir@gmail.com agus déanfar cinnte de go gcuirtear an múinteoir ranga ar an eolas faoi aon rud.

How do I get in touch with my child's teacher if I need to?
You can send an email to Múinteoir Lára at leasphriomhoide.scoil.oilibheir@gmail.com and we will ensure the class teacher is made aware of any issues.

Cad a dhéanaim má dhéanann mo pháiste dearmad ar rud éigin?
Cuir glaoch ar an oifig agus tabhair isteach é. Ba cheart do thuismitheoirí masc a chaitheamh i bhfoirgneamh na scoile.

What do I do if my child forgets something?
Call the office and bring it in. Parents should wear a face mask when entering the school

An gá dom masc a chaitheamh ag aon aom eile?
Iarrtar ar thuismitheoirí masc a chaitheamh, más féidir leo, in aon áit ar láthair na scoile

Do I need to wear a mask at other times?
Parents are asked to wear a mask, if they can, anywhere on the school grounds

Conas a bhaileoidh mé mo pháiste go luath más gá?
Cuir nóta sa dialann nó glaoch ar an scoil agus tar go dtí an oifig.

How will I collect my child early if I need to?
Put a note in the diary or call the office and then come to the office.

An mbeidh sos fós ag na páistí?
Beidh sosanna ag na páistí sa chlós i ngrúpaí ranga ag amanna difriúla agus beidh na múinteoirí agus na CRS ag déanamh tuilleadh feitheoireachta dá bharr

Will children still go out for break?
The children will have breaks in the yard in their class groups at different times and the teachers and SNAs will do extra supervision to facilitate this.

Cad iad na hathruithe ar an gCód Iompair?
Titfidh na nósanna nua seo faoin MEAS agus faoin tSÁBHÁILTEACHT sa Chód Iompair agus pléifear le sárú na rialacha seo ar an ngnáthbhealach. Ní ghlacfar le haon phleidhcíocht nó le haon mhagadh faoi chomharthaí COVID. Féachfar ar chasacht nó sraoth d'aon ghnó mar chúis le CÁRTA DEARG agus d'fhéadfadh fionraí a bheith mar thoradh air. Caithfear é a chinntiú go mothaíonn gach páiste sábháilte agus go léirítear meas orthu agus táimid ag súil leis na hardchaighdeáin agus leis an gcomhoibriú den scoth a bhíonn le fáil ónár ndaltaí de ghnáth.

What are the changes to the Code of Behaviour?
These procedures will fall under RESPECT and SAFETY in the Code of Behaviour and any contravention of these rules will be dealt with in the usual way. Messing or "slagging" about COVID symproms will not be tolerated. Coughing or sneezing on purpose will be seen as reason for RED CARD and may result in suspension. We need to ensure that all children feel safe and respected and expect the usual excellent standards of behaviour and cooperation from our pupils in this regard.

Asláithreachtaí Scoile

An chomhairle ón FSS ná gan do pháiste a chur ar scoil má tá siad tinn.

School Absence from school
The advice from the HSE is if your child is sick do not send them to school.

Ceisteanna Coitianta

Frequently Asked Questions

Cathain ba chóir do leanbh a choinneáil sa bhaile agus glaoch ar do dhochtúir teaghlaigh

Ná cuir do leanbh ar scoil nó chuig cúram leanaí más fíor aon cheann díobh seo a leanas. Má bhaineann aon cheann díobh seo le do leanbh:

• teocht 38 céim Celsius nó níos airde
• aon siomptóm coitianta eile a bhaineann leis an gcoróinvíreas cosúil le casacht nua, caillteanas nó athrú ar a gcumas blas nó boladh a fháil, nó gearranáil
• má bhí siad i ndlúth-theagmháil le duine a fuair toradh deimhneach ar thástáil maidir leis an gcoróinvíreas
• má tá cónaí orthu le duine atá tinn agus a bhféadfadh an choróinvíreas a bheith air

Beidh ort:

1. Do leanbh a leithlisiú. Ciallaíonn sé seo iad a choinneáil sa bhaile agus teagmháil le daoine eile a sheachaint go hiomlán, a oiread agus is féidir. Níor chóir do do leanbh do theach a fhágáil ach amháin chun tástáil a dhéanamh nó chun do dhochtúir teaghlaigh a fheiceáil.
2. Glaoch ar do dhochtúir teaghlaigh. Cuirfidh siad comhairle ort cibé an bhfuil tástáil don choróinvíreas ag teastáil ó do leanbh nó nach bhfuil.
3. Ba chóir do gach duine a bhfuil cónaí orthu le do leanbh srian a chur lena ngluaiseachtaí freisin, ar a laghad go dtí go bhfaighidh do leanbh diagnóis óna dhochtúir teaghlaigh nó ó thoradh tástála don choróinvíreas. Ciallaíonn sé sin gan dul ar scoil, chuig cúram leanaí nó ag obair.
4. Cuir cóir leighis ar do leanbh sa bhaile le haghaidh a gcuid siomptóm.

When to keep your child at home and phone your GP

Do not send your child to school or childcare if any of the following is true. Your child has:

• a temperature of 38 degrees Celsius or more
• any other common symptoms of coronavirus such as a new cough, loss or changed sense of taste or smell, or shortness of breath
• been in close contact with someone who has tested positive for coronavirus
• been living with someone who is unwell and may have coronavirus

You will need to:

1. Isolate your child. This means keeping them at home and completely avoiding contact with other people, as much as possible. Your child should only leave your home to have a test or to see your GP.
2. Phone your GP. They will advise you if your child needs a coronavirus test. 3. Everyone that your child lives with should also restrict their movements, at least until your child gets a diagnosis from their GP or a coronavirus test result. This means not going to school, childcare or work.
4. Treat your child at home for their symptoms.

Cathain ba chóir do leanbh a chur ar scoil nó chuig cúram leanaí

Go ginearálta is féidir do leanbh a chur ar scoil nó chuig cúram leanaí:

• mura bhfuil acu ach siomptóim sróine, mar shampla srón ag sileadh nó sraothartach
• mura bhfuil teocht 38 céim Celsius nó níos airde acu (chomh fada is nár íslíodh a dteocht trí aon chineál paraicéiteamóil nó iobúpróifein a ghlacadh)
• mura bhfuil casacht orthu
• mura raibh siad i ndlúth-theagmháil le duine ar bith a bhfuil an choróinvíreas orthu
• mura bhfuil cónaí orthu le duine ar bith atá tinn agus a bhféadfadh an choróinvíreas a bheith orthu
• má dúirt Dochtúir Teaghlaigh gur rud éigin eile is cúis lena dtinneas, nach í an choróinvíreas atá i gceist. Inseoidh do dhochtúir teaghlaigh cathain is féidir leo filleadh ar scoil nó ar chúram leanaí
• má fuair siad toradh diúltach ar thástáil don choróinvíreas ('níor aimsíodh an choróinvíreas') agus mura raibh siomptóim acu le 48 uair an chloig

Formhór an ama, ní gá duit glaoch ar do dhochtúir teaghlaigh más srón ag sileadh nó sraothartach agus sin amháin siomptóim an linbh. Labhair le do chógaiseoir ina ionad sin. Formhór an ama, ní gá duit glaoch ar do dhochtúir teaghlaigh más srón ag sileadh nó sraothartach agus sin amháin siomptóim an linbh. Labhair le do chógaiseoir ina ionad sin.

When it's okay to send your child to school or childcare

It's usually okay to send your child to school or childcare if they:

• only have nasal symptoms, such as a runny nose or a sneeze
• do not have a temperature of 38 degrees Celsius or more (as long as their temperature has not been lowered by taking any form of paracetamol or ibuprofen) • do not have a cough
• have not been in close contact with anyone who has coronavirus
• do not live with anyone who is unwell and may have coronavirus
• have been told by a GP that their illness is caused by something else, that is not coronavirus. Your GP will tell you when they can return to school or childcare
• have got a negative ('not detected') coronavirus test result and have not had symptoms for 48 hours

Most of the time, you do not need to phone your GP if a runny nose or sneezing are your child's only symptoms. Talk to your pharmacist instead.

Will the school be taking temperatures when children arrive?

Ceisteanna Coitianta

Frequently Asked Questions

An mbeimid ag seiceáil teochta nuair a thagann páistí ar scoil?

Ní bheidh ach mar a dhéanaimid i gcónaí, déanfar seiceáil ar an teocht má tá aon pháiste tinn. Tá sé tábhachtach go spreagann tú do pháiste le rá leis an múinteoir má mhothaíonn siad tinn.

No but we will do as we normally do, temperature will be checked if any child is unwell. It is important you encourage your children to tell the teacher if they feel sick

Má chuirtear mo pháiste abhaile le comharthaí cathain a bheidh cead acu filleadh?

An chomairle ná go gcaithfidh do pháiste bheith saor ó chomharthaí ar feadh 48 uair a' chloig sula bhfillean siad ar scoil. ***An chomhairle freisin ná teagmháil a dhéanamh le do Dhochtúir Teaghlaigh má tá aon chomharthaí in aon chor ar do pháiste. Má tá aon amhras ort in aon chor, déan teagmháil leis an FSS nó le do Dhochtúir Teaghlaigh***

If my child is sent home with symptoms when can they return to school?

The health advice is your child should be symptom free for 48 hours prior to a return to school. ***The advice is also to contact your GP if your child has even mild symptoms. If you are in any doubt at all, contact the HSE or your GP.***

Cad faoi dheartháireacha\dheirfiúracha páiste atá tinn?

Má tá aon chomharthaí cosúil le COVID ar aon duine sa teaghlach, ba cheart do do chuid páistí ar fad fanacht sa bhaile go dtí go bhfuil cead faighte ón dochtúir filleadh

What about siblings of a child who is ill?

If any member of the household has Covid - like symptoms all of your children should remain at home until permission is granted from a doctor

Aithníodh duine i mo theaghlach mar dhlúth-theagmhálaí le duine a bhfuil COVID orthu. An bhfuil cead ag mo pháiste dul ar scoil.

Tá cead. An chomhairle ná nach gá ach don dluth-theagmhálaí leithlisiú a dhéanamh.

.

A member of my household has been identified as a close contact of a person who has COVID. Can my child go to school?

Yes, The advice is that only the close contact needs to isolate

Tá mo pháiste sa bhaile le bolg thinn. An gá dom an scoil a chur ar an eolas ar an lá sin?

Tá sé an-tábhachtach go bhfuil cúis na hasláithreachta ar eolas againn, is féidir an fhoirm asláithreachta a líonadh amach ar Aladdin Connect chun sonraí na hasláithreachta a thabhairt .

My child is at home with an upset tummy. Do I need to let the school know that day?

It is essential for us to know the reason for the absence, you can fill in the absence form on Aladdin connect giving details of this absence asap.

What is the procedure if a child is unwell at school?

Cad a tharlaíonn má tá páiste tinn ar scoile?

Déanfar teagmháil leat agus beifear ag súil leis go mbaileoidh tú an páiste gan mhoill. Tabharfar do pháiste go dtí an seomra leithlise fad is atá siad ag fanacht. Tabharfar masc do do pháiste fad is atá siad ag fanacht agus beidh ball na foirne ag faire orthu an t-am ar fad.

Cad a tharlaíonn mura bhfuil mé in ann mo pháiste a bhailiú tar éis dom glaoch a fháil ón scoil?

Caithfidh tú teagmhálaí éigeandála amháin a ainmniú a bheidh ar fáil chun do pháiste a bhailiú agus tú gan a bheith ar fáil. Is féidir an t-eolas seo a chur ar Aladdin.

Má tá ar mo pháiste fanacht sa bhaile chun féinleithlisiú 14 lá a dhéanamh, an gcuirfear cianmhúinteoireacht ar fáil?

Más gá do do pháiste fanacht sa bhaile ar feadh tréimhse shuntasach, cuirfidh an scoil cianmhúinteoireacht ar fáil, ach ní sa chás go bhfuil an féinleithlisiú bainteach le taisteal thar lear neamhriachtanach. Bainfimid úsáid as Google Classroom don chianmhúinteoireacht seo.

Cad a tharlóidh má éiríonn an múinteoir tinn nó más gá dóibh féinleithlisiú 14 lá a dhéanamh?

Déanfaimid ár seacht ndícheall ionadaí a fháil ach bíonn deacrachtaí móra ag gach scoil chun ionadaithe a fháil. Má tá an múinteoir ag féinleithlisiú de bharr teagmhála le cás, leanfaidh siad orthu ag obair ón mbaile, ag pleanáil ceachtanna agus ag tacú leis an ionadaí. I gcúinsí an-esceachtúla, má tá a lán múinteoirí as láthair agus mura bhfuilimid in ann ionadaí a fháil, tá an baol ann go mbeidh ar rang fanacht sa bhaile. Má tharlaíonn sé seo, déanfaimid ár ndícheall a oiread fógra agus is féidir linn a thabhairt.

You will be contacted to come and collect your child without delay. Your child will be brought to the designated isolation area while they wait.. Your child will be given a mask to wear and accompanied by a staff member at all times

What happens if I cannot come to collect my child after receiving a call from the school?

You must nominate at least one emergency contact that is available to collect in your absence. This information can be updated via the Aladdin connect app.

If my child is required to stay home for a 14 day period of self-isolation, will the school provide remote teaching?

If you're child has to stay at home for a significant period, the school will provide remote teaching but not in the case of self-isolation connected to non-essential foreign travel. We will use Google classroom for this remote teaching.

What will happen if the teacher is sick or has to self isolate for 14 days?

We will do our best to find a substitute teacher but every school has huge difficulties finding substitutes. If the teacher is self-isolating as a result of being in close contact with a case, they will continue to work from home, planning lessons and advising the substitute teacher. In extremely exceptional circumstances, if we have several teachers absent and cannot get substitute cover a class may need to remain at home. If this happens we will try to give as much prior notice as possible and arrange online learning for the class.

NÓSANNA IMEACHTA UM THEACHT ISTEACH AGUS UM IMEACHT

Naíonáin Bheaga | *Junior Infants*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra le tuismitheoirí, tríd an doras seachtrach. Abhaile ar 12:00 ach 13:30 ón Déardaoin 10 Meán Fómhair.
At school at 8:40 – directly to classroom accompanied by parent, through the external door. Home at 12:00 but 13:30 from Thursday 10 September.

Naíonáin Mhóra Bhuí | *Yellow Senior Infants*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.
At school from 8:40 directly to classroom accompanied by parent, through external door.
Sos beag | *Small break* 10:15 go dtí 10:30
Lón | *Lunch* 12:00
Clós | *Yard* 12:15-12:30
Abhaile ar 13:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.
Home at 13:30 from footpath/railings at basketball court side – to be collected from external classroom door if raining

Rang a Dó | *Second Class*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra gan a dtuismitheoirí, tríd an doras seachtrach.
At school from 8:40 directly to classroom unaccompanied, through external door.
Sos beag | *Small break* 10:15 go dtí 10:30
Lón | *Lunch* 12:00
Clós | *Yard* 12:15-12:30
Abhaile ar 14:20 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.
Home at 14:20 from footpath/railings at side of office – to be collected from external classroom door if raining

PROCEDURES FOR ENTRY AND DEPARTURE

Naíonáin Mhóra Ghlasa | *Green Senior Infants*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.
At school from 8:40 directly to classroom accompanied by parent, through external door.
Sos beag | *Small break* 10:15 go dtí 10:30
Lón | *Lunch* 12:00
Clós | *Yard* 12:15-12:30
Abhaile ar 13:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.
Home at 13:30 from footpath/railings outside office – to be collected from external classroom door if raining

Rang a hAon | *First Class*

Ar scoil ag 08:40 díreach go dtí an seomra le tuismitheoir, tríd an doras seachtrach.
At school from 8:40 directly to classroom accompanied by parent, through external door.
Sos beag | *Small break* 10:15 go dtí 10:30
Lón | *Lunch* 12:00
Clós | *Yard* 12:15-12:30
Abhaile ar 14:20 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – le bailiú ó dhoras seachtrach an tseomra má tá sé ag cur báistí.
Home at 14:20 from footpath/railings at basketball court side – to be collected from external classroom door if raining

Rang a Trí | *Third Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.
At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50

Sos | *Break* 10:45 go tdí 11:00
Lón | *Lunch* 12:30
Clós | *Yard* 12:40-13:00
Abhaile ar 14:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh na hoifige. Is féidir le páistí a shiúlann leo féin dul ar aghaidh. Bailíonn na tuismitheoirí na páistí eile ón nGeata.
Home at 14:30 from the footpath/railings on office side. Children who walk home on their own may go ahead. Parents collect children outside gate.

Rang a Ceathair | *Fourth Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.
At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50

Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00
Lón | *Lunch* 12:30
Clós | *Yard* 12:40-13:00
Abhaile ar 14:30 ag an gcosán/na ráillí ar thaobh an chúirt chispheile – Is féidir le páistí a shiúlann leo féin dul ar aghaidh. Bailíonn na tuismitheoirí na páistí eile ón nGeata.
Home at 14:30 from the footpath/railings on basketball court side. Children who walk home on their own may go ahead. Parents collect children outside gate

Rang a Cúig | *Fifth Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.
At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50.



Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00
Lón | *Lunch* 12:30
Clós | *Yard* 12:40-13:00
Abhaile ar 14:30. Siúlann siad amach doras seachtrach an tseomra, buaileann siad le tuismitheoirí lasmuigh den gheata/i bpáirc na mílaoise
Home at 14:30. Children walk out external classroom door and meet parents outside gate/in Millenium Park. Parents collect children outside gate.

Rang a Sé | *Sixth Class*

Ar scoil ag 08:40 sa chlós go dtí 08:50. I ngrúpa ranga, i spás ar leith sa chlós (thíos). Múinteoirí á mbailiú ar 08:50.
At school from 8:40 in the yard until 08:50. In class groups in assigned space in the yard (below). Collected by teacher at 08:50



Sos | *Break* 10:45 go dtí 11:00
Lón | *Lunch* 12:30
Clós | *Yard* 12:40-13:00
Abhaile ar 14:30 – siúlann siad amach doras seachtrach an tseomra, buaileann siad le tuismitheoirí lasmuigh den gheata/i bpáirc na mílaoise
Home at 14:30. Children walk out external classroom door and meet parents outside gate/in Millenium Park. Parents collect children outside gate